# ELeathanach 500

Dé Máirt, an 3 Meitheamh 2025

## Eagrán 500

Chuir Séamie Ó Néill tús leis an Eleathanach sa bhliain 2008. Ar dtús, bhí 20 eagrán ann gach bliain, ach mar gheall ar an aiseolas dearfach a fuaireamar ó gach duine a léigh an Eleathanach, tá 30 eagrán againn anois.

Seo é eagrán uimhir 500 - 17 mbliana níos déanaí! Chabhraigh daltaí scoile linn thar na blianta chun na hailt a scríobh - daltaí i gColáiste Alexandra agus daltaí i gColáiste Mhuire, Cabrach, freisin.

Seolann daltaí ailt chugainn go minic agus foilsíonn an Eleathanach na hailt! Ar mhaith le do scoil alt a fhoilsiú? Seol an t-alt chuig froebel.department@mu.ie

## Seachtain na Scoile Gníomhaí

(Is iad na páistí i rang a cúig i Scoil Náisiúnta Naomh Caoimhín sa Naigín, Baile Átha Cliath a scríobh an t-alt seo.)

Coicís ó shin, ar fud na hÉireann, ghlac scoileanna páirt i Seachtain na Scoile Gníomhaí. Ghlac Scoil Náisiúnta Naomh Caoimhín páirt sa dúshlán scipeála. Bhí cluiche corr ar siúl sa scoil freisin. Bhí na daltaí ag imirt in aghaidh na múinteoirí! Na daltaí abú!

Tá sé thar a bheith tábhachtach a bheith gníomhach ar scoil. Cabhraíonn sé leis an inchinn! Cuireann an aclaíocht meangadh gáire ar d'aghaidh! Bíonn gach duine sona sásta!

Seachtain na Scoile Gníomhaí #ASW25

Chomh maith leis sin is féidir leat cairde nua a dhéanamh agus tú ag déanamh aclaíochta ag am lóin!

## Bloom

Is féile iontach í Bloom. Tá a lán plandaí agus bia ar fáil ag an bhféile. Bhí an fhéile ar siúl an deireadh seachtaine seo caite i bPáirc an Fhionnuisce arís.

Foghlaimíonn gach duine a fhreastalaíonn ar an bhféile go leor faoin nádúr agus faoi phlandaí éagsúla. Bhí an tUachtarán Michael D. Higgins agus Sabina Higgins i láthair.

Bhí an-bhéim ar an eacnamaíocht chiorclach i mbliana. Más mian leat níos mó a fhoghlaim faoin eacnamaíocht chiorclach, féach ar an bhfíseán seo.
https://mural.maynoothuniversity.ie/id/eprint/17997/



Is gairdín é seo a thaitníonn go mór le beacha.




## UEFA Champions League

Bhí an cluiche ceannais ar siúl an deireadh seachtaine seo caite. Bhí Paris St-Germain ag imirt i gcoinne Inter Milan Dé Sathairn.

Bhí an cluiche ar siúl in Munich. Imríonn Bayern Munich sa staid seo de ghnáth. Allianz Arena is ainm don staid.

Bhuaigh Paris St-Germain 5-0. Seo an chéad uair a bhuaigh PSG an léig seo.

Scóráil beirt déagóirí cúl. Scóráil Désiré Doué dhá chúl. Scóráil Senny Mayulu cúl amháin. Comhghairdeas le PSG!